Rialachán 30 - Ceanglais íosta maidir le spás					
Ainm & Suíomh an tSeomra	Méid (m ²)	An líon uasta leanaí atá ag freastal	Raon aoise	Seisiúnach /CLI/PA	An bhfuil spás leordhóth anach ann?
Nótaí					

Rialachán 30 - Ceanglais íosta maidir le spás					
Ainm & Suíomh an tSeomra	Méid (m ²)	An líon uasta leanaí atá ag freastal	Raon aoise	Seisiúnach /CLI/PA	An bhfuil spás leordhóth anach ann?
Nótaí					

Taifead ar Íomhánna Digiteacha				
Líon	Dáta ar glacadh an íomhá	Am	Suíomh laistigh den tseirbhís	Ábhar
Síniú an tsoláthraí cláraithe nó an duine ainmnithe				

Cruinniú Clabhsúir				
Síniú an Chigire:				
Am (agus dáta mura lá na cigireachta é)				
Lucht freastail	Ról (mura luaitear é áit eile sna nótaí)	I láthair go pearsanta (P)/ cruinniú cianda (C)		
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				

Meabhrúcháin don chruinniú clabhsúir	☒
Íomhánna digiteacha sínithe	☐
Míníodh conas dul i dteagmháil le Cigireacht na Luathbhlianta	☐
Míníodh CAPA & an próiseas um chruinneas fórasach	☐
Míníodh teorainneacha an aiseolais (d'fhéadfadh torthaí breise a bheith i gceist tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar nótaí, ríomhaireachtaí etc.)	☐
Míníodh criptiú	☐
Athrú ar Imthosca ag teastáil	☐
Déan nóta má rinneadh gníomh ceartaitheach le linn na cigireachta	☐
Póstaer	☐

Fógra um Ghníomhaíocht Láithreach		
Eisíodh Fógra um Ghníomhaíocht Láithreach ar an gcúis seo a leanas:		
Rialachái(n) an Stáit:		
Fógra um Ghníomhaíocht Láithreach eisithe sa chigireacht?	Tá	Níl
Ar tugadh aghaidh air seo sa chigireacht?	Tá	Níl

Nótaí ón gCruinniú Clabhsúir	
Rialachán	Nótaí C = comhlíontach NC = neamhchomhlíontach

Nótaí ón gCruinniú Clabhsúir	
Rialachán	Nótaí C = comhlíontach NC = neamhchomhlíontach

Nótaí ón gCruinniú Clabhsúir	
Rialachán	Nótaí C = comhlíontach NC = neamhchomhlíontach

Nótaí ón gCruinniú Clabhsúir	
Rialachán	Nótaí C = comhlíontach NC = neamhchomhlíontach

Rialacháin agus réimsí le breithniú

Rialachán 8— Fógra i dtaobh athrú ar imthosca

RIALACHÁN 8

- (1) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile shealadach, faoi réir mhír (3), fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh aon athrú a bheartaítear a dhéanamh ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2), 60 lá ar a laghad roimh an dáta a bheartaítear a bheadh éifeacht leis an athrú.
- (2) Déanfaidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile sealadaí, faoi réir mhír (3), fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh aon athrú a bheartaítear a dhéanamh ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2) 7 lá ar a laghad roimh an dáta a bheartaítear a bheadh éifeacht leis an athrú.
- (3) I gcás nach raibh soláthraí cláraithe ábalta ar chúis mhaith chuí fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht laistigh den tréimhse a shonraítear i mír (1) nó (2), de réir mar a bheidh, i dtaobh athrú ar na mionsonraí i ndáil leis an tseirbhís réamhscoile atá sa chlár de bhun alt 58C(2) den Acht nó Rialachán 7(2), déanfaidh an soláthraí cláraithe fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaobh an athraithe a luaithis is féidir dá éis sin.
- (4) Déantar an fhoirm atá leagtha amach i Sceideal 4 a fhorordú chun críocha fógra faoi mhír (1), (2) nó (3).
- (5) Maidir le soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile shealadach a scoirfidh de bheith ag seoladh na seirbhíse réamhscoile, déanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis scor na seirbhíse, fógra i scríbhinn i dtaobh an scoir a thabhairt don Ghníomhaireacht.

Rialachán 9 – Bainistíocht agus Earcaíocht

RIALACHÁN 9

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe—
 - (a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,
 - (b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus
 - (c) go mbeidh sa tseirbhís struchtúr soiléir bainistíochta ina dtugtar sainaitheantas do na línte údaráis agus cuntasachta sa tseirbhís agus do ról shonracha agus do fhreagrachtaí sonracha gach fostaí agus gach oibrí nach n-íoctar.
- (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh—
 - (a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,
 - (b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,
 - (c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus
 - (d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.
- (3) Déanfar na nósanna imeachta a shonraítear i mír (2) a chur i gcrích sula ndéanfar aon duine a cheapadh nó a shannadh nó sula gceadófar dó nó di rochtain a bheith aige nó aici ar leanbh nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.
- (4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearálacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.

Rialachán 9 – Bainistíocht agus Earcaíocht

- (5) Beidh feidhm ag mír (4)—
- (a) an 31 Nollaig 2016 nó dá éis sin i leith seirbhísí réamhscoile a chlárófar an 30 Meitheamh 2016 nó roimhe sin, agus
 - (b) an dáta clárúcháin nó dá éis sin i leith gach seirbhíse réamhscoile eile.
- (6) Ní bheidh feidhm ag mír (4) roimh an 1 Meán Fómhair 2021 maidir le duine—
- (a) a shínigh dearbhú an 30 Meitheamh 2016 nó roimhe sin á rá go mbeartaíonn sé nó sí scor d'fhostaíocht i seirbhís réamhscoile roimh an 1 Meán Fómhair 2021, agus
 - (b) a bhfuil ina sheilbh aige nó ina seilbh aici litir ón Aire á dhaingniú nach mbeidh feidhm ag mír (4) maidir leis nó léi roimh an dáta sin.
- Cuirtear isteach (6A) le I.R. Uimh.632 de 2016 AN tACHT UM CHÚRAM LEANAÍ 1991 (SEIRBHÍSÍ LUATHBHLIANTA) (LEASÚ)
- RIALACHÁIN 2016 ina luaitear;
- Leasaítear Rialachán 9 de na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (I.R. Uimh. 221 de 2016) mar seo a leanas – i mír (4), trí "mhíreanna (5), (6) agus (6A)" a chur in ionad "mhíreanna (5) agus (6)", agus (b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (6):
- (6A) Ní bhainfidh mír (4) le fostaí soláthraí cláraithe más rud é - (a) go bhfaigheann an soláthraí cláraithe maoiniú chun an fostaí sin a fhosú de bhun scéime arna maoiniú ag an Aire ar a dtugtar an Múnla um Rochtain agus Cuimsitheacht, agus (b) go bhfostaítear an fostaí ar mhaithe le tacaíocht a chur ar fáil, de bhun na scéime dá dtagraítear i bhfomhír (a), do leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís chun páirt a ghlacadh sa chlár ar a dtugtar Clár cistiúcháin um Chúram agus Oideachas na Luathóige (ECCE)".
- (7) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar maoirseacht chuí ar gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir agus go soláthrófar dó nó di faisnéis chuí, agus más gá oiliúint riachtanach, lena n-áirítear i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) beartais; imeachta agus ráitis na seirbhíse a shonraítear i Sceideal
 - (b) Cuid VIIA den Acht
 - (c) na Rialacháin seo

Rialachán 10 - Beartais nósanna imeachta, etc. na seirbhíse réamhscoile

Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile go mbeidh na beartais, na nósanna imeachta agus na ráitis scríofa a shonraítear i Sceideal 5 ar bun i gcomhair na seirbhíse.

Rialachán 11 - Leibhéil Foirne

- (1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.
- (2) Faoi réir mhíreanna (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.
- (3) Faoi réir alt (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.

Rialacháin agus réimsí le breithniú

Rialachán 11 - Leibhéal Foirne

(4) Faoi réir alt (5), i gcás go soláthróidh soláthraí cláraithe i gcomhthráth-

(a) seirbhís réamhscoile sheisiúnach, agus

(b) seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha, nó iad araon,

Is é an cóimheas a shonraítear i mír (3) an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí is infheidhme ar feadh ré na seirbhíse réamhscoile seisiúnaí i leith na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís sin.

(5) Ní bheidh feidhm ag míreanna (2) go (4) roimh an 1 Meán Fómhair 2016 i leith sheirbhísí creidiúnaithe BOMÉ.

(6) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile thar oíche go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.

(7) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile thar oíche go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.

(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)—

(a) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhísí réamhscoile seachas seirbhís feighlíochta leanaí nó seirbhís réamhscoile seisiúnach go bhfuil 2 dhuine fásta ar a laghad san áitreabh i gcónaí,

(b) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí, i gcás go bhfuil an tseirbhís á hoibriú ag an duine i bhfeighil ina aonar nó ina haonar, go mbeidh an dara duine, atá eolach ar seirbhíse agus i riocht cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil chun an tseirbhís a oibriú, i gcóngar gairid don tseirbhís agus ar fáil chun freastal ar an tseirbhís i gcónaí d'fhonn cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil i gcás éigeandála.

(9) Le linn breithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcóimheas idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i Sceideal 6, ní chuirfear i gcuntas oibrithe nach n-íoctar agus, más infheidhme, an duine dá dtagraítear i Rialachán 24(2).

Rialachán 13 - Seirbhísí réamhscoile sealadacha agus seirbhísí réamhscoile i lárionaid buail isteach

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile sealadaí nó seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach nach mbeidh níos mó ná 24 leanbh ag freastal ar an tseirbhís aon tráth áirithe.
- (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile sealadaí nach bhfreastalóidh aon leanbh ar an tseirbhís ar feadh tréimhse is faide ná 8 n-uair an chloig as a chéile.
- (3) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach nach bhfreastalóidh aon leanbh ar an tseirbhís ar feadh tréimhse is faide ná 2 uair an chloig as a chéile.

Rialachán 14 – Athbhreithniú ar Sheirbhís Réamhscoile

Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís réamhscoile shealadach—

- (a) go ndéanfar, i gceann eatraimh rialta nach faide ná aon bhliain amháin, athbhreithniú i leith cháilíocht agus shábháilteacht an chúraim a sholáthraíonn an tseirbhís réamhscoile do leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, lena n-áirítear athbhreithniú ar bheartais, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse, agus
- (b) go ndéanfar taifead a chothabháil ar gach athbhreithniú den sórt sin ar feadh tréimhse 3 bliana tar éis an t-athbhreithniú a dhéanamh.

Réimsí le breithniú:

An féidir leis an tseirbhís a léiriú go dtugann siad faoi athbhreithniú uair sa bhliain ar a laghad?

An ndéantar athbhreithniú ar bheartais, nósanna imeachta agus ráitis mar chuid den athbhreithniú seirbhíse?

An bhfuil taifead i scríbhinn ar fáil maidir le hathbhreithnithe seirbhíse agus an gcoinnítear na taifid ar feadh 3 bliana tar éis an athbhreithnithe

Rialachán 15 – Taifead ar Leanbh Réamhscoile

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach go gcoimeádfar taifead i scríbhinn i leith gach linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:
 - (a) Ainm agus dáta breithe an linbh;
 - (b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;
 - (c) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;
 - (d) ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra leis an leanbh agus uimhir theileafóin lenar féidir dul i dteagmháil leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse;
 - (e) údarú chun an leanbh a bhailiú;;
 - (f) mionsonraí aon bhreitheachta, aon mhíchumais, aon ailléirge nó aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisnéis go léir is iomchuí maidir le cúram nó aire speisialta a sholáthar;
 - (g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;
 - (h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;
 - (i) toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir chun cóireáil chúil liachta a chur ar an leanbh i gcás éigeandála.
- (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile sealadaí go gcoimeádfar taifead i scríbhinn i leith gach linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí a shonraítear i bhfomhíreanna (a), (d), (e) agus (f) de mhír (1).
- (3) Beidh taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (1) nó (2) ar fáil lena iniúchadh san áitreabh—
 - (a) ag tuismitheoir nó caomhnóir linbh réamhscoile ach sin i leith an taifid a bhaineann leis an leanbh sin agus ina leith sin amháin,
 - (b) ag fostaí atá údaraithe chuige sin ag an soláthraí cláraithe, agus
 - (c) ag duine údaraithe.
- (4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead i scríbhinn dá tagraítear i mír (1) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a scoirfidh an leanbh lena mbaineann sé de bheith ag freastal ar an tseirbhís.
- (5) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead i scríbhinn dá tagraítear i mír (2) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a fhreastalóidh an leanbh ar an tseirbhís.

Rialacháin agus réimsí le breithniú

Rialachán 16 - Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:
 - (a) ainm, post, cáilíochtaí agus taithí an duine i bhfeighil agus ainm, post, cáilíochtaí agus taithí gach fostaí eile, gach oibrí eile nach n-íoctar agus gach conraitheora eile;
 - (b) mionsonraí i dtaobh na haicme seirbhíse agus i dtaobh phróifíl aoise na leanaí a bhfuil an tseirbhís cláraithe seirbhísí a sholáthar ina leith;
 - (c) mionsonraí i dtaobh na gcóimheas idir daoine fásta agus leanaí sa tseirbhís;
 - (d) an cineál cúraim nó cláir a sholáthraítear sa tseirbhís;
 - (e) na saoráidí atá ar fáil;
 - (f) na huaireanta oscailte agus na táillí;
 - (g) na beartais, na nósanna imeachta agus na ráitis a cheanglaítear ar an tseirbhís a chothabháil de réir Rialachán 10;
 - (h) mionsonraí i dtaobh freastal ag gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;
 - (i) mionsonraí i dtaobh uainchláir foirne ar bhonn laethúil;
 - (j) mionsonraí i dtaobh aon chógas a thugtar do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus toiliú sínithe ó thuismitheoir ina dteannta;
 - (k) mionsonraí i dtaobh aon tionóisc, aon díobháil nó aon teagmhas a bhainfidh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
- (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe—
 - (a) go ndéanfar gach doiciméad agus gach taifead a bhaineann le teistiméireachtaí agus le grinnfhiosrúchán ag an nGarda Síochána agus ag póilíní arna fháil faoi Rialachán 9(2) a choinneáil ar feadh tréimhse 5 bliana ón dáta a thosaíonn an duine a mbaineann an doiciméad nó an taifead leis nó léi ag obair sa tseirbhís, agus
 - (b) go gcoinneofar taifead dá dtagraítear i bhfomhír (h), (j) nó (k) de mhír (1) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a scoirfidh an leanbh a mbaineann sé leis nó léi de bheith ag freastal ar an tseirbhís, nó i gcás seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach nó i gcás seirbhís réamhscoile shealadach, ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a fhreastalóidh an leanbh ar an tseirbhís.
- (3) Beidh taifead dá dtagraítear i mír (1) ar fáil lena iniúchadh san áitreabh, agus beidh na doiciméid agus na taifid dá dtagraítear i mír (2)(a) ar fáil lena n-iniúchadh cibé acu san áitreabh nó in áit eile, ag duine údaraithe.
- (4) Beidh taifead dá dtagraítear i mír (1) ar fáil lena iniúchadh san áitreabh ag thuismitheoir nó caomhnóir linbh ach sin i leith faisnéis a bhaineann leis an leanbh sin agus ina leith sin amháin.
- (5) D'fhonn an tseirbhís réamhscoile a oibriú, beidh taifead dá dtagraítear i mír (1) ar fáil lena iniúchadh san áitreabh ag fostaí atá údaraithe chuige sin ag an soláthraí cláraithe.

Rialachán 17- Faisnéis do thuismitheoirí

Cinnteoidh soláthraí cláraithe go soláthrófar do thuismitheoir nó do chaomhnóir linbh a bheartaíonn freastal ar an tseirbhís an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) go (g) de Rialachán 16(1)

RIALACHÁN 18

Rialachán 18 - Cóip den Acht, etc.

Cinnteoídh soláthraí cláraithe go gcoinneofar san áitreabh cóip de Chuid VIIA (a cuireadh isteach le halt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 (Uimh. 40 de 2013)) den Acht agus de na Rialacháin seo agus beidh na cóipeanna a dúradh ar fáil lena n-iniúchadh san áitreabh—

- (a) ag tuismitheoir nó caomhnóir linbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís nó a bheartaíonn freastal ar an tseirbhís,
- (b) ag fostaí, ag oibrí nach n-íoctar ní ag conraitheoir, agus
- (c) ag duine údaráithe

RIALACHÁN 19

Rialachán 19 – Sláinte, Leas agus Forbairt Linbh

- Cinnteoídh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—
 - go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d’aois agus do chéim forbartha an linbh, agus
 - go mbeidh cleachtais chúraim chuí oiriúnacha ar bun sa tseirbhís réamhscoile, ag féachaint don líon leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís agus do chineál a riachtanas.
- Cinnteoídh soláthraí cláraithe nach gcuirfear aon phionós coirp ar leanbh réamhscoile le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an tseirbhís.
- Cinnteoídh soláthraí cláraithe nach ndéanfar aon chleachtais atá dímheasúil, táireach, dúshaothraitheach, imeaglaitheach, dochrach nó faillíoch ó thaobh mothúchán nó coirp i leith leanbh réamhscoile le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an tseirbhís
- Cinnteoídh soláthraí cláraithe—
 - nach gceadófar do leanbh réamhscoile rochtain a bheith aige nó aici ar an idirlíon,
 - nach ndéanfar leanbh réamhscoile a ghrianghrafadh, nó
 - a thaifeadadh,
 le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile seachas de réir théarmaí an toilithe ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir arna thabhairt san fhoirm a shonraítear i mbeartas na seirbhíse maidir le húsáid an idirlín agus feistí fótagrafacha.

Bunriachtanais Naíonán agus Leanaí

- Ithe agus ól.
- Athrú clúidíní / leithreas a úsáid.
- Cúram pearsanta.
- Codladh / am ciúin / príobháideachas.
- Soghluaiseacht.
- Pleanáil cúraim aonair (nuair is gá).
- Ní mór go mbraitheann leanaí slán sábháilte.
- Cumarsáid

Gaolmhaireachtaí Tacúla timpeall ar na leanaí
Tacaíonn gaolmhaireachtaí le braistint muinteartha, nascachta agus folláine a chothú sa duine.
Oibríonn an tseirbhís le tuismitheoirí, caomhnóirí agus teaghlaigh ó chúlraí éagsúla agus léirítear meas orthu go léir.
Tá éiteas láidir obair foirne le feiceáil sa suíomh.
Feidhmíonn an fhoireann i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí agus bíonn siad sofhreagrach agus tuisceanach maidir le heolas agus tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí ina bpríomhról i bhfoghlaim agus i bhforbairt an linbh.
Cuimsiú agus Éagsúlacht.
Aistrithe
A mhéad a thacaíonn an timpeallacht fhisiciúil agus ábharach le forbairt leanaí
Sa timpeallacht laistigh, soláthraítear do na leanaí go léir raon eispéiris atá oiriúnach don fhorbairt, dúshlánach, éagsúil, cruthaitheach agus a chuireann lena saol.
Bíonn na hábhair ar fáil i gcónaí agus inrochtana go héasca do gach leanbh agus leagtar amach iad ar bhealach a dhéanann freastal ar riachtanais gach linbh.
Tá an timpeallacht lasmuigh leagtha amach chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha na leanaí go léir.
A mhéad a thacaíonn an clár gníomhaíochtaí agus a chur i bhfeidhm le forbairt leanaí
Drámaí
Timpeallacht Shaibhir Teanga.
Rannpháirtíocht - déantar rannpháirtíocht gach linbh a éascú agus a urramú i rith an ghnáthaimh laethúil, i gclár na ngníomhaíochtaí agus i ngnéithe eagrúcháin na seirbhíse.
Rogha - Bíonn deiseanna ag gach leanbh roghanna a dhéanamh agus a bheith cinnte go léireofar meas ar a c(h)uid roghanna.

Rialachán 20 - Saoráidí chun scíth a ligean agus súgradh a dhéanamh
(1) <i>Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe—</i> (a) <i>ag féachaint don líon leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, dá n-aoiseanna faoi seach agus don mhéid ama a chaitheann siad san áitreabh, go mbeidh saoráidí leordhóthanacha oiriúnacha ann chun go bhféadfaidh gach leanbh súgradh a dhéanamh laistigh agus, i gcás go gceanglaítear leis na Rialacháin seo é, súgradh a dhéanamh lasmuigh, i gcaitheamh an lae, agus</i> (b) <i>go mbeidh saoráidí leordhóthanacha oiriúnacha ann chun go bhféadfaidh leanbh réamhscoile a scíth a ligean i gcaitheamh an lae, agus i gcás seirbhís réamhscoile thar oíche, i gcaitheamh an lae agus na hoíche.</i> Réimsí le breithniú Saoráidí chun súgradh a dhéanamh laistigh An dtacaíonn an timpeallacht laistigh le forbairt agus folláine leanaí? An bhfuil na saoráidí laistigh eagraithe ar bhealach a mheallann aird gach linbh ar an timpeallacht foghlama? An bhfuil deis ann don súgradh seo a leanas: Samhailteach, céadfach, cruthaitheach, teanga/litearthacht, oll-luaile, mínluaile, dúshlánach agus deis chun dul i mbun riosca?

Saoráidí chun súgradh a dhéanamh lasmuigh
An dtacaíonn an timpeallacht lasmuigh le forbairt agus folláine leanaí?
An meallann na saoráidí lasmuigh aird gach linbh?
An bhfuil deis ann don súgradh seo a leanas: Samhailteach, céadfach, cruthaitheach, teanga/litearthacht, oll-luaile, mínluaile, dúshlánach agus deis chun dul i mbun riosca?
Saoráidí chun scíth a ligean/dul a chodladh
Réimsí le breithniú:
Foráil chun taifeadadh a dhéanamh ar na seiceálacha fisiceacha a dhéantar ar gach leanbh ina gcodladh.
50cm ar a laghad idir gach cliabhán/leaba.
Do leanaí faoi bhun 1 bhliain d’aois, soláthraítear spás agus trealamh codlata (cliabháin) leordhóthanach agus oiriúnach.
Do leanaí os cionn 1 bhliain d’aois agus faoi bhun 2 bhliain d’aois, soláthraítear spás agus trealamh codlata (cliabháin agus/nó leapacha) leordhóthanach agus oiriúnach.
Do leanaí 2 bhliain d’aois agus síos sine, tá spás agus trealamh leordhóthanach agus oiriúnach ar fail chun a scíth a ligean nó dul a chodladh (leapacha/mataí).
Tá an trealamh codlata ar aon dul leis an Treoir maidir le Codladh do leanaí faoi 2 agus le QRF do gach aois.
Tá na leapacha/cliabháin amach ó dallóga, radaitheoirí, agus fuinneoga.
Is féidir an soilsíú a mhaolú ach níl an seomra iomlán dorchá mar is riachtanach go mbíonn leanaí sofheicthe don fhoireann i gcónaí.
An bhfuil na héadaí leapa oiriúnach agus conas a bhainistítear iad do gach leanbh.
Tá a fhios ag an soláthraí go bhfuil cosc ar shuíocháin cairr, málaí pónaire, preabairí, bugaithe, cliabháin taistil, buncanna nó cliabháin inchruacha le haghaidh codlata.
Tá modh éigin i bhfeidhm chun teocht an tseomra codlata a rialú.
Teocht idir 16°C agus 20°C nuair a bhíonn leanaí faoi bhun 1 bhliain d’aois ina gcodladh agus idir 18°C agus 22°C nuair a bhíonn leanaí os cionn 2 bhliain d’aois ina gcodladh/ag ligean a scíthe.
Measúnú sr riosca déanta ar áiteanna ina bhfuil téamh faoin urlár má tá leanaí ag codladh ar mataí/leapacha.
Saoráidí codlata ar fáil do leanaí a bhfuil cliabháin uathu.
Cliabháin coinnithe i ndea-bhail.
Cloíonn cliabháin agus tochtanna le caighdeáin sábháilteachta an AE agus ní úsáidtear iad ach de réir threoir an mhonaróra.
Tochtanna atá glan, teann agus den mhéid cheart don chliabháin nó don leaba ina bhfuil sé feistithe.
Tá na tochtanna uiscdhíonach nó feistithe le clúdach uiscdhíonach.
Tá bacainn na gcliabhán ard go leor chun a chinntiú nach dtitfeadh leanbh amach.
Seachnaítear teanntaí coise i gcliabháin.
An spás idir na barraí < 6cm óna chéile (cruinn) nó < 7.5cm óna chéile (cothrom).
Foireann ar an eolas faoi threoirlínte codlata sábháilte chun riosca Bás Tobann Naíonán a laghdú.
Úsáidtear blaincéid cheallacha do leanaí suas le 12 mhí d’aois; ní cheadaítear duivéanna, piliúir, blaincéid lomra lena n-úsáid ag leanaí suas le 12 mhí d’aois. Ní úsáidtear málaí codlata do leanaí ar leapacha urláir.
An féidir leis an tseirbhís codladh faoi stiúir na leanaí agus rochtain ar shaoráidí codlata a sholáthar i dtimpeallacht oiriúnach nuair is gá?

Rialacháin agus réimsí le breithniú

Saoráidí codlata do leanaí a dteastaíonn leapacha urláir uathu.
Plean codlata aonair agus teimpléid measúnaithe riosca ar fáil?
Saoráidí codlata do leanaí os cionn 2 bhliain d’aois
Saoráidí chun leapacha/mataí a stóráil.
Áit chompordach chun scíth a ligean i ngach seomra cúraim.
(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe na seirbhísí seo a leanas— (a) seirbhís cúraim lae iomlán, seirbhís cúraim lae pháirtaimseartha nó seirbhís réamhscoile sheisiúnach a chlárófar den chéad uair an 30 Meitheamh 2016 nó dá éis, nó (b) seirbhís cúraim lae iomlán, seirbhís cúraim lae pháirtaimseartha nó seirbhís réamhscoile sheisiúnach a aistreoidh go dtí áitreabh eile an 30 Meitheamh 2016 nó dá éis go soláthrófar san áitreabh spás lasmuigh a bheidh oiriúnach agus slán sábháilte agus a mbeidh rochtain ar bhonn laethúil ag na leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís air, nó (3) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine, seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha, seachas seirbhís den sórt sin a bhfuil feidhm ag mír (2) maidir léi— (a) go soláthrófar san áitreabh spás lasmuigh a bheidh oiriúnach agus slán sábháilte agus a mbeidh rochtain ar bhonn laethúil ag na leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís air, nó (b) i gcás nach soláthrófar aon spás den sórt sin, go mbeidh rochtain ar bhonn laethúil ag na leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar spás oiriúnach lasmuigh. (4) I gcás go ndéanfar spás lasmuigh, ar a bhfuil rochtain ag na leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, a sholáthar in áitreabh seirbhíse réamhscoile seisiúnaí seachas seirbhís den sórt a bhfuil feidhm ag mír (2) maidir léi, in áitreabh seirbhíse réamhscoile sealadaí nó in áitreabh seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach, cinnteoidh an soláthraí cláraithe go mbeidh an spás sin lasmuigh oiriúnach agus slán sábháilte. (5) I gcás ina mbeidh rochtain ag leanaí réamhscoile atá ag freastal ar sheirbhís réamhscoile sheisiúnach seachas seirbhís den sórt sin lena mbaineann mír (2), seirbhís réamhscoile shealadach nó seirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach rochtain ar spás lasmuigh eile. seachas spás den sórt sin a shonraítear i mír (4), áiritheoidh an soláthraí cláraithe go bhfuil an spás lasmuigh sin oiriúnach.

Rialachán 21 - Trealamh agus ábhair
Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh troscán, trealamh súgartha agus oibre agus ábhair atá leordhóthanach agus oiriúnach ar fáil in áitreabh na seirbhíse réamhscoile.
Réimsí le breithniú:
An bhfuil trealamh agus ábhair oiriúnacha éagsúla ann chun tacú le cineálacha éagsúla spraoi?
An bhfuil na hearraí i ndea-bhail, marthanach, éasca le glanadh?
An bhfuil an troscán compordach, agus oiriúnach d'aois agus céim forbartha na leanaí?
An bhfuil trealamh pearsantaithe ar fáil nuair is gá?
An bhfuil go leor de ann do líon na leanaí?
Troscán laistigh/ Trealamh & ábhar spraoi agus oibre laistigh.
Troscán, trealamh & ábhair spraoi agus oibre lasmuigh (*san áitreabh).

RIALACHÁN 22

Rialachán 22 - Bia agus deoch
<i>Cinnteooidh soláthraí cláraithe go mbeidh bia agus deoch atá leordhóthanach oiriúnach agus taoisleannach éagsúil ar fáil do gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.</i>
Réimsí le breithniú:
Cineál na seirbhíse
Soláthar bia - tuismitheoirí/seirbhís/cuideachta lónadóireachta lasmuigh:
Méid an sciar, teacht ar bhia breise agus roghanna eile.
Teacht ar bhia lasmuigh d’amanna béilí nuair is gá.
Biachlár, bia agus deochanna ar fáil – éagsúlacht, ábhar cothaithe ag teacht leis na treoirlínte bia agus cothaithe do sheirbhísí réamhscoile agus beartas na seirbhíse maidir le bia folláin.

RIALACHÁN 23

Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint
<i>Cinnteooidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteooidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.</i>

RIALACHÁN 24

Rialachán 24 - Seiceáil isteach agus amach agus taifead ar fhreastal
Seiceáil isteach agus amach
<i>(1) Cinnteooidh soláthraí cláraithe go ndéanfaidh fostaí nó oibrí nach n-íoctar gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a sheiceáil isteach sa tseirbhís agus amach aisti.</i>
Lárionad buail isteach
<i>(2) I gcás go mbeidh níos mó ná 15 leanbh ag freastal ar sheirbhís réamhscoile i lárionad buail isteach, cinnteooidh an soláthraí cláraithe go sannfar d’aon fhostaí amháin nó d’aon oibrí amháin nach n-íoctar freagracht as na leanaí a sheiceáil isteach agus amach.</i>
Rochtain neamhcheadaithe & taifead cuairteora
<i>(3) Cinnteooidh soláthraí cláraithe—</i> <i>(a) nach féidir le haon duine seachas—</i> <i>(i) leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís,</i> <i>(ii) duine atá ag fágáil leanbh den sórt sin ag an tseirbhís nó á bhailiú nó á bailiú ón tseirbhís</i> <i>(iii) fostaí, nó</i> <i>(iv) oibrí nach n-íoctar, teacht isteach san áitreabh gan a t(h)eacht isteach a cheadú ag fostaí.</i> <i>(b) Coinnítear taifead laethúil i scríbhinn ar aon duine den sórt sin do theacht isteach san áitreabh.</i>
Taifead ar chuairteoirí a choinneáil
<i>Cinnteooidh soláthraí cláraithe go ndéanfar taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (3)(b) a choinneáil ar feadh tréimhse bliana ón dáta lena mbaineann sé.</i>

Rialacháin agus réimsí le breithniú

Rialachán 25 - Garchabhair
(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil. (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann— (a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus (b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

RIALACHÁN 25

Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán
(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn— (a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus (b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh. (2) Beidh an taifead dá dtagraítear i mír (1) ar fáil lena iniúchadh— (a) ag tuismitheoir nó caomhnóir linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile nó a bheartaíonn freastal ar an tseirbhís réamhscoile, (b) ag fostaí, agus (c) ag duine údaráithe. (3) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead dá dtagraítear i mír (2) ar feadh tréimhse 5 bliana tar éis a chruthaithe. (4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

RIALACHÁN 26

Rialachán 27- Maoirseacht
Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar maoirseacht i gcónaí ar leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís. Réimsí le breithniú: Is trí radharc na súl go príomha a dhéantar maoirseacht. Líon foirne cáilithe chun leanaí a mhaoirsiú. Is féidir le leanaí ar féidir leo an leithreas a úsáid go neamhspleách é sin a dhéanamh leis an bhfoireann i raon éisteachta, agus iad ar fáil mar thacaíocht de réir mar is gá. Bíonn gá le maoirseacht níos géire ag brath ar ghníomhaíocht i gceist (amhail le spraoi contúirteach, turais agus ithe). Ba chóir go mbeadh an leagan amach ina chabhair ó thaobh maoirsiú amhairc agus go gceadaíonn sé am ciúin agus spás do leanaí.

RIALACHÁN 27

Rialachán 28 – Árachas
Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.

RIALACHÁN 28

RIALACHÁN 29

Rialachán 29 - Áitribh

- Cinnteidh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—
- (a) go mbeidh struchtúr an áitribh fóna daingean
 - (b) go mbeidh sé slán sábháilte
 - (c) go mbeidh soilsiú, téamh agus aeráil leordhóthanach ann,
 - (d) go ndéanfar é a ghlanadh, a chothabháil agus a dheisiú, de réir mar is gá, agus
 - (e) go mbeidh saoráidí sláintíochta atá leordhóthanach agus oiriúnach feistithe ann.

RIALACHÁN 30

Rialachán 30 - Ceanglais íosta maidir le spás

- (1) Faoi réir mhíreanna (2) go (6), cinnteidh soláthraí cláraithe go mbeidh spás urláir atá leordhóthanach agus saor ó chonstaicí ar fáil san áitreabh do leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile chun obair, súgradh agus gluaiseacht a dhéanamh.
- (2) Cinnteidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha go mbeidh an méid íosta de spás urláir saor ó chonstaicí a shonraítear i gcolún (3) de Sceideal 7 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Sceideal sin i leith raon aoise leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Sceideal sin ag an uimhir thagartha sin ar fáil do gach leanbh sa raon aoise sin a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
- (3) Cinnteidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí nó seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach go mbeidh 1.818 méadar cearnach ar a laghad de spás urláir saor ó chonstaicí ar fáil do gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
- (4) I gcás go soláthróidh soláthraí cláraithe i gcomhthráth—
 - (a) seirbhís réamhscoile sheisiúnach, agus
 - (b) seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha, nó iad araon, is é an spás urláir a shonraítear i mír (3) an spás urláir íosta saor ó chonstaicí is infheidhme ar feadh ré na seirbhíse réamhscoile seisiúnaí i leith na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís sin.
- (5) Cinnteidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile sealadaí go mbeidh 2 mhéadar chearnacha ar a laghad de spás urláir saor ó chonstaicí ar fáil do gach leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.
- (6) Faoi réir mhír (7), cinnteidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí nach mbeidh níos mó ná 22 leanbh i seomra sa tseirbhís aon tráth áirithe.
- (7) Ní bheidh feidhm ag mír (6) i gcás go soláthraíonn soláthraí cláraithe i gcomhthráth—
 - (a) seirbhís réamhscoile sheisiúnach, agus
 - (b) seirbhís cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha, nó iad araon

RIALACHÁN 31

Rialachán 31 – Fógra i dtaobh Teagmhas

- Déanfaidh soláthraí cláraithe fógra i scríbhinn a thabhairt don Ghníomhaireacht laistigh de 3 lá oibre ó theacht ar an eolas dó nó di gur tharla aon cheann de na teagmhais seo a leanas sa tseirbhís réamhscoile:
- (a) go bhfuair leanbh réamhscoile bás le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an tseirbhís, lena n-áirítear leanbh a fuair bás in ospidéal tar éis é nó í a aistriú go dtí ospidéal ón tseirbhís;
 - (b) go ndearnadh fáthmheas ar leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, ar fhostaí, ar oibrí nach n-íoctar, ar chonraitheoir nó ar dhuine eile a oibríonn sa tseirbhís á chur in iúl go bhfuil galar tógálach de réir bhrí na Rialachán um Ghalair Thógálacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981) air nó uirthi;
 - (c) teagmhas a tharla sa tseirbhís ar dá thoradh a dúnadh an tseirbhís ar feadh aon tréimhse ama;
 - (d) mórdhiobháil do leanbh réamhscoile le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an tseirbhís a bhfuil cóireáil liachta arna soláthar ag lia-chleachtóir cláraithe ag teastáil ina leith láithreach cibé acu in ospidéal nó in áit eile;
 - (e) teagmhas ina ndeachaigh leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ar iarraidh le linn dó nó di a bheith ag freastal ar an tseirbhís.

Rialachán 32 - Gearáin
(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go sonrófar i mbeartas gearán na seirbhíse— (a) an nós imeachta a bheidh le leanúint ag duine chun gearán a dhéanamh i ndáil leis an tseirbhís, (b) an modh ar a ndéileálfar le gearán den sórt sin, agus (c) na nósanna imeachta chun duine a dhéanfaidh gearán den sórt sin a choimeád ar an eolas i dtaobh an mhodha ar a bhfuiltear ag déileáil leis. (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe— (a) go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar ghearán a dhéanfar leis an soláthraí i leith na seirbhíse réamhscoile, agus (b) go ndéileálfar go cuí leis an ngearán de réir bheartas gearán an tsoláthraí (3) Maidir le taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (2)(a)— (a) beidh ar áireamh ann cineál an ghearáin agus an modh ar ar déileáladh leis an ngearán, agus (b) beidh sé ar fáil lena iniúchadh san áitreabh ag duine údairithe. (4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead i scríbhinn dá tagraítear i mír (2)(a) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a déileáladh leis an ngearán.

Rialachán 33 Faisnéis a thabhairt don Ghníomhaireacht
Tabharfaidh soláthraí cláraithe don Ghníomhaireacht cibé faisnéis a theastóidh le réasún ón nGníomhaireacht d'fhonn na Rialacháin seo a fhorfheidhmiú agus a fhorghníomhú agus beidh an fhaisnéis i cibé foirm, más ann, a shonróidh an Ghníomhaireacht.

RIALACHÁN 32

RIALACHÁN 33

Leasuithe		
Dáta déanta an leasaithe:	Leasú:	An chúis leis an leasú:

Tagairt QMS:	EYI-RIN12.1
Leagan:	V4.0
Dáta na heisiúna seo:	19 Bealtaine 2025